STAIR NA HÉIREANN I 100 RÉAD, ROGHA DÍOBH

PLEAN CEACHTA RANG 5 AGUS 6

Cairt-Rolla Phort Láirge 1373

Ba ghnách leis na Normannaigh a gcuid torthaí a chócaráil i gcónaí mar gur chreid siad go raibh sé contúirteach torthaí amha a ithe.

Na Normannaigh a rinne stíoróipí ar dtús chun na cosa a choimeád sábháilte agus daingean nuair atá duine ag marcaíocht capaill - gan stíoróipí, thitfeadh duine den chapall go han-éasca!

D'úsáid na Normannaigh spíosraí amhail sinséar, noitmig agus piobar a bhí an-chostasach mar gur tugadh i longa ó áiteanna thar lear iad. Chuir siad spíosraí ina gcuid feola mar nach raibh sí úr i gcónaí agus chuidigh an spíosra leis an mblas a dhéanamh níos fearr.

Thug na Normannaigh coiníní go hÉirinn agus choinnigh siad iad i gcoinicéir a rinneadh go speisialta dóibh.
I rith mhíonna an gheimhridh d'ith siad na coiníní.

Féach go cúramach ar an gcairt-rolla. Bhí bróga poulaine, a bhí fada agus biorach, an fhaiseanta an tráth sin.

D'éirigh bróga poulaine chomh fada biorach sin gurbh éigean iad a cheangal den chos le slabhra beag nó le sreang bheag le nach dtitfeadh an caiteoir.

Bhí sé bróga poulaine chomh ciotach sin lena gcaitheamh go mbeadh ar chaiteoirí siúl i ndiaidh a gcúil agus iad ag dul suas ní síos staighrí.

Sna Meánaoiseanna, bhí dlíthe ann chun rialú a dhéanamh ar dhath, ar fhabraic agus, fiú amháin, ar chineálacha na n-éadaí a bhí ceadaithe lena gcaitheamh ag daoine.

Ba iad na ríthe a thosaigh na treochtaí faisin sa cheathrú haois déag agus ba iad a rialaigh cé na héadaí a bhí ceadaithe lena gcaitheamh ag aicmí éagsúla daoine; choinnigh siad an dath dearg dóibh féin mar gurbh í sin an ruaim ba chostasaí.

Ba é a bhí san fhaisean an tráth sin sna Meánaoiseanna ná cultacha dhá dhath ó sháil go rinn, mar shampla, an chulaith dhearg bhuídhonn seo. Bhí osáin agus bróga go mór san fhaisean. Úsáidtear na dathanna céanna sa hata leathandhuilleach agus, fiú amháin, sa chleite atá ceangailte den hata le dealg óir.

Is é atá i gculaith an Rí Anraí III, ar thaobh na láimhe clé anseo, ná cotehardie atá stuáilte go faiseanta agus lena ngabhann ciumhaiseanna scolbáilte. Os a chionn sin, tá fallaing á caitheamh aige lena ngabhann ciumhaiseanna scolbáilte den chineál céanna. Fáisctear an fhallaing ag an muinéal le deallg mhór ar déanamh blátha.

Is tionscadal é seo de chuid POST THE IRISH TIMES museum National Museum of Ireland Ard-Mhúsaem na hÉireann Acadamh Ríoga na hÉireann Royal Irish Academy